Anseo is Ansiúd

**Book 3**
**Lesson 9**



# Breithlá Nóra

Bhí breithlá Nóra ar an ochtú lá déag de Bhealtaine. Bhí sí dhá bhliain déag d'aois an lá sin. Thug sí **cuireadh** dá cáirde go léir chuig an **bhféasta.** An mhaidin sin fuair sí a lán cártaí breithe agus beart ó fhear an phoist. Fuair sí **féiríní** óna huncailí agus óna haintíní. Rinne Mamaí císte mór a bhácáil di. Chuir sí **reoán** agus dhá choinneal déag ar an gcíste. Ag a trí a chlog tháinig a cáirde chun an tí agus thosaigh an spórt.

Cailíní ar fad a bhí ag an bhféasta agus **b'éigean do** Liam agus do Thomás imeacht amach. Chaith siad cuid den tráthnóna ina suí ar an mballa ag féachaint ar an spórt. **Ar dtús** thug na cailíní go léir féiríní do Nóra. Fuair sí leabhair, ceirníní, scairf, scuab ghruaige agus a lán rudaí eile. Thug sí deochanna oráiste agus líomanáide do **na haíonna** go léir. D'ith siad a lán brioscaí agus milseán freisin.

D'iarr Liam ar Thomás brioscaí a thabhairt amach ón gcistin chuige. **Shleamhnaigh** Tomás isteach agus rug sé ar phláta brioscaí. Ach rug beirt chailín air agus é ag dul amach **an doras cúil.** Thosaigh na cailíní **ag canadh amhrán.** Nuair a thosaigh Liam agus Tomás ar amhrán eile a chanadh chuir siad an ruaig orthu.

Thosaigh Nóra ag seinm ar an bpianó agus bhí seans ag Liam teacht isteach trí fhuinneog na cistine. Líon sé a phócaí le brioscaí agus le milseáin. Amach leis chuig Tomás agus d'ith siad **a sá** taobh thiar den bhalla. Ansin las Mamaí na coinnle a bhí ar an gcíste. Shéid Nóra na coinnle agus mhúch sí iad.

**Níos déanaí** chaith siad tamall ag éisteacht le ceirníní. Ar a sé a chlog d'fhág siad slán ag Nóra agus d'imigh siad abhaile. Tháinig Liam agus Tomás isteach don tae ach ní raibh ocras orthu.

## A. Foclóir

**cuireadh,** invitation
**féiríní,** gifts
**reoán,** icing
**ceirníní,** records
**aíonna,** guests

**Seanfhocail:**

Ní thagann ciall roimh aois.
Mol an óige agus tiocfaidh sí.
Is fearr rith maith ná droch-sheasamh.
Ná cuir do leas ar cairde.

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cad a tharla ag a trí a chlog?
   — Thosaigh an cluiche.
   — Chuaigh na páistí abhaile.
   — Tháinig cairde Nóra go dtí an teach.
2. Cad a chuir Mamaí ar an gcíste?
   — reoán agus dhá choinneal déag.
   — cártaí breithe.
   — úlla agus oráistí.
3. Cad a rinne Tomás nuair a shleamhnaigh sé isteach sa chistin?
   — D'ól sé deochanna oráiste agus líomanáide.
   — Rug sé ar phláta brioscaí.
   — Fuair sé píosa den cháca breithe.
4. Nuair a las Mamaí na coinnle cad a rinne Nóra?
   — Chaith sí uisce orthu.
   — Shéid sí agus mhúch sí iad.
   — Ghlaoigh sí ar na buachaillí.

## C. Líon isteach na bearnaí:

1. Fuair sí féiríní óna - agus óna -.
2. Rug beirt chailín ar Thomás agus é ag dul amach an - -.
3. Cailíní ar fad a bhí ann agus b'éigean do Liam agus Tomás - -.
4. Thosaigh Nóra ag seinm ar an -.
5. Líon Tomás a phócaí le - agus -.
6. Chaith siad tamall ag éisteacht le -.

## D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a fuair Nóra ó fhear an phoist?
2. Cad a rinne na buachaillí fad a bhí an fleá ar siúl?
3. Cén fáth ar chuir na cailíní an ruaig ar Liam agus Tomás?
4. Cathain a tháinig Liam isteach sa chistin?
5. Cad a rinne sé nuair a tháinig sé isteach?
6. Cár ith siad na brioscaí?
7. Cén t-am a chuaigh cairde Nóra abhaile?
8. Cén fáth a raibh dhá choinneal déag ar an gcáca?
9. Cén aois tú?

## Gramadach 9

1. "D'iarr Liam ar Thomás **brioscaí a thabhairt amach ón gcistin".**
   faigh/airgead sa chófra, ceannaigh/úlla sa siopa.
   goid/toitín ón bhfear.
2. "Thug sé brioscaí amach **chuige".**
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan.)
3. **Scéal**
   Sroichfidh mé an scoil ar a naoi a chlog amárach. Osclóidh mé mo mhála agus tógfaidh mé amach an leabhar léitheoireachta. Leanfaidh mé den léitheoireacht ar feadh tamaill. Ansin dúnfaidh mé an leabhar agus cuirfidh mé ar ais sa mhála é.
   Iarrfaidh an máistir orm an clárdubh a ghlanadh.
   Glanfaidh mé leis an nglantóir é agus suífidh mé síos.

   **Scríobh an scéal arís ag tosú mar seo:**
   Sroichfimid an scoil ar a naoi a chlog amárach . . .